# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2022

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.


**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach ina gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d’amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d’fhaisnéis fhíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an bhfaisnéis a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála. Úsáidtear nótaí mínithe eile le haghaidh ceisteanna áirithe eile, liostaítear na nótaí mínithe sin tar éis na scéime marcála don cheist ábhartha.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe **(más iomchuí)** |
|---|---|---|
|  | Faisnéis bhailí | 1 |
|  | Faisnéis bhailí | 2 |
|  | Faisnéis bhailí | 3 |
|  | Faisnéis bhailí | 4 |
|  | Farasbarr faisnéise | N/B |
|  | Freagra mícheart | 0 |
|  | Cuid shuntasach de fhreagra | N/B |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí | N/B |

## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 80 MARC

Bronn 10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.
Marcáil gach ceist a ndearnadh iarracht uirthi agus bronn na deich gceist leis na marcanna is airde.
Gan grádú ar bith.

| | |
|---|---|
| C1 (i) D 1m<br>F 1m<br>B 1m<br>C 1m<br>A 1m<br>E 1m<br>(ii) Fíor 2m | C7<br>(i) An tSiúir 2m<br>(ii) Conair Rothaíochta Phort Láirge 2m<br>(iii) Foraoiseacht 2m<br>(iv) R671 **nó** R678 2m |
| Q2 (i) B 1m (ii) Fiaradh 1m<br>C 1m Teannas 1m<br>A 1m Comhbhrú 1m<br>(iii) Tírghné bhailí 2m | C8<br>B - Sa Chúlra ar Dheis 2m<br>C – Túlra ar dheis 2m<br>D – I Lár Báire ar Chlé 2m<br>E – I lár an Chúlra 2m |
| C3<br>(i) Cúlú 2m<br>(ii) Cruachadh 2m<br>(iii) 54 2m<br>(iv) Thírghné Bhailí ar bith 1+1m | Q9 (i) Geomoirfeolaíoch 1m<br>Cultúrtha 1m<br>Riarachán 1m<br>Imeallach 1m<br>(ii) A (An Bhoirinn) 1m<br>C (Na Gaeltachtaí) 1m<br>D (Départements) 1m<br>B (An Mezzogiorno) 1m |
| C4<br>(i) B 1m<br>C 1m<br>D 1m<br>A 1m<br>(ii)E – Treilíse 2m<br>F – Craobhach 2m | C10<br>(i) Fíor 2m<br>(ii) Bréagach 2m<br>(iii) Bréagach 2m<br>(iv) Fíor 2m |
| C5<br>(i) A – Aolchuisne 2m<br>B = Piléar/Colún 2m<br>C = Aolchoinneal 2m<br>(ii) Fíor 1m<br>Bréagach 1m | C11<br>(i) 4 2m<br>(ii) An tSualainn 2m<br>(iii) 42.1 2m<br>(iv) Thairbhe ráite 1+1m |
| C6<br>(i) Caisleán 2m<br>(ii) S 206 225 2m<br>(iii) 3.9 (km) 2m<br>(iv) 41 ($km^2$) 2m | C12<br>(i) 6.9 (%) 2m<br>(ii) Lucsamburg 2m<br>(iii) 82,652,147 2m<br>(iv) Míniú bailí 1m + 1m |

In 2022 bhí rogha bhreise ag na hiarrthóirí ar pháipéar Tíreolaíochta Scrúdú na hArdteistiméireactha. Ba iad seo a leanas na treoracha le haghaidh Roinn a Dó den scrúdpháipéar ardleibhéil:
Ní mór duit **TRÍ** cheist a fhreagairt. Ní cheadaítear duit gach ceann de na trí cheist a roghnú as an roinn chéanna. Féadfaidh tú dhá cheist a roghnú as an roinn chéanna más mian leat.

- Roinn 1 – Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceisteanna 1-3)
- Roinn 2 – Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceisteanna 4-6)
- Roinn 3 – Toghaonaid (Ceisteanna 7-12)
- Roinn 4 – Roghaonaid (Ceisteanna 13-24)

Chun marc iomlán a fháil le haghaidh Roinn a Dó, roghnaítear leis an gcóras marcála ar líne ar dtús na trí cheist lena bhfuil na marcanna is airde ó Roinn a Dó agus cuirtear le chéile iad. **Mura** bhfuil na trí cheist ar fad ón Roinn chéanna, is é sin an marc iomlán ceart le haghaidh Roinn a Dó ansin, agus cuireann an Scrúdaitheoir GF isteach le haghaidh míre ar a dtugtar Coigeartú. Fágann sé sin an t-iomlán a ríomhadh leis an gcóras marcála ar líne i dtosach mar atá sé.
Má tá na trí cheist ar fad lena bhfuil na marcanna is fearr ón Roinn chéanna, ansin beidh iomlán na gceann sin neamhbhailí mar gheall ar an rúibric a theastaíonn. Sna cásanna sin, cuireann an Scrúdaitheoir an marc diúltach cuí isteach don mhír 'Coigeartú', ag baint úsáid as na nótaí mínithe seo a leanas:

| Nóta mínithe | Úsáid | Marcanna (más iomchuí) |
|---|---|---|
| A | Léirítear go bhfuil na marcanna ón gceist thuas á gcoigeartú ón iomlán | N/B |
| 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9 10 | Tá iomlán na nótaí mínithe a úsáidtear á ndealú ón iomlán | 0, -1, -2, -3, -4, -5, -6, -7, -8, -9, -10 |

Go sonrach, cuireann an Scrúdaitheoir an nóta mínithe A ag barr an leathanaigh ar dheis ar freagraíodh an cheist lena bhfuil an tríú marc is airde, agus cuireann sé an comhcheangal ceart uimhreacha in aice leis an A sin chun an coigeartú ceart a chur i bhfeidhm. Mar shampla, chun marc Coigeartaithe -23 a chur i bhfeidhm, chuirfeadh Scrúdaitheoirí A, -10, -10, -3 ann.
Is é éifeacht leis an marc Coigeartaithe a chinntiú go gcuirfear an rúibric thuas i bhfeidhm – is é sin, gurb é marc iomlán iarrthóra le haghaidh Roinn a Dó an comhcheangal is airde de na marcanna bailí (i gcás go dtagann na marcanna ó dhá cheist ar a mhéad ón roinn chéanna).

## ROINN 1

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISEACHACH

**Ceist 1 go 3**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 1.

**1A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán Abhainn na Siúire
- Limistéar talún atá os cionn 400 m
- Rian rothaíochta Rianta Rothaíochta Phort Láirge (Waterford Cycling Trails) ó S 148 180 go S 200 218
- Limistéar d'fhoraois bhuaircíneach ó thuaidh den Thuaidhlíne 24 agus siar ón Oirlíne 17.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1m |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Caill 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.

- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
- Is féidir an sceitse a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

## 1B. Gníomhaíocht Theicteonach – Tírdhreach na hÉireann

Scrúdaigh an tionchar a bhí ag gníomhaíocht theicteonach ar thírdhreach na hÉireann.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar gníomhaíochta teicteonacha ar thírdhreach na hÉireann aitheanta. | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Creidiúint 1 x PSÁ i gcomhair an dara tionchar ar thírdhreach na hÉireann ón scrúdú. Maidir le haon tionchar sa bhreis, tá gá le scrúdú.
- Creidiúint 2 x PSÁ i gcomhair samplaí aitheanta ón scrúdú.
- Tá an cheist ceangailte le tírdhreach na hÉireann.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- 2 x PSÁ ar a mhéad i gcomhair déan cur síos ar thírdhreach ábhartha gan aon tagairt a dhéanamh do thionchar na gníomhaíochta teicteonacha.
- 2 x PSÁ ar a mhéad i gcomhair scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíocht theicteonach gan tagairt a dhéanamh do thírdhreach na hÉireann.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| I | Tionchar aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## 1C. Idirghníomhú an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déan scrúdú ar conas a idirghníomhaíonn daoine le timthriall carraigeacha, agus tagairt á déanamh do cheann **amháin** de na nithe seo a leanas:

- Mianadóireacht
- Eastóscadh ábhar foirgníochta
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**[30m]**


Scrúdúchán 15 x PSÁ


- ➢ Creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdú.
- ➢ Creidiúint 1 x PSÁ as idirghníomhaíocht aitheanta ón scrúdú. Maidir le haon idirghníomhaíocht sa bhreis, tá gá le scrúdú.
- ➢ Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- ➢ Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- ➢ Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.
- ➢ Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| Ex | Sampla | 2 |
| I | Idirghníomhú aitheanta | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## Ceist 2

### 2A. Coigeartú go Bonnleibhéal




Curtha in oiriúint ó www.geologycafe.com

Scrúdaigh na léaráidí thuas ina dtaispeántar tírdhreach abhann roimh athnuachan agus i ndiaidh athnuachana. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh na tírghnéithe abhann atá lipéadaithe mar **A** agus **B** i bhfíor 1.

(ii) Ainmnigh tírghnéithe athnuachana na habhann atá lipéadaithe mar **C** agus **D** i bhfíor 2.

(iii) Ainmnigh **dhá** thírghné chósta a fhoirmítear de thoradh ar choigeartú go bonnleibhéal.

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** atá le hathnuachan abhann.

(v) Mínigh go hachomair cad atá i gceist le leathmhá.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | A = Tuilemhá | 2 mharc |
| | B = Leibhé | 2 mharc |
| (ii) | C = Scorphointe | 2 mharc |
| | D = Léibhinn Phéireáilte | 2 mharc |
| (iii) | Tírghnéithe bhailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí | 2 + 2 marc |

## 2B. Próisis Dromchla

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Scrúdaigh an ról atá ag **próisis an chreimthe** i bhfoirmiú tírghné abhann **amháin** nó tírghné cósta **amháin** nó tírghné oighreach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

| | |
|---|---|
| Próiseas creimthe ainmnithe | 2 mharc |
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint don 2ú próiseas creimthe ainmnithe do 1 x PSÁ ón scrúdú. Maidir le gach tagairt sa bhreis eile do phróisis an chreimthe, tá gá le scrúdú.
- Creidiúint 1 x PSÁ as sampla ón scrúdú.
- Is é bunphointe na ceiste ná conas mar a théann próisis an chreimthe i bhfeidhm ar fhoirmiú aon tírghné amháin. Míniú ar phróisis an tsil-leagain 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár tugadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad má tá cur síos tugtha ar an tírghné díreach gan tagairt don fhoirmiú.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| I | Próiseas creimthe ainmnithe | 2 |
| N | Tírghné ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla nó láthair | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

**Nó**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar **na tosca** a **rialaíonn oibriú phróiseas ollghluaiseachta amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca aitheanta | 2 + 2 marc |
| Próisis ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos/Míniú | 12 x PSÁ |

- Tá cur síos/míniúchán de dhíth maidir le gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear a hoibríocht.
- Ní gá go mbainfeadh an freagra le hÉirinn.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| I | Toisc aitheanta | 2 |
| N | Próisis ollghluaiseachta ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla nó láthair | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

**2C. Carraigeacha Meiteamorfacha**

Scrúdaigh foirmiú na gcarraigeacha meiteamorfacha, agus tú ag tagairt do shamplaí in Éirinn.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Carraigeacha meiteamorfacha Éireannacha ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar fhoirmiú | 13 x PSÁ |

- Creidiúint i gcomhair 2 láithreacha Éireannacha gaolmhara ainmnithe do 2 x PSÁ ón scrúdú. Ní mór an láthair a nascadh le carraig ainmnithe.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Tabhair 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar charraigeacha meiteamorfacha agus gan aon trácht ar fhoirmiú
- Ní gá don scrúdú cloí leis an dá charraig atá ainmnithe. Tá cuntas ginearálta ar fhoirmiú carraigeacha meiteamorfacha inghlactha.
- Díríonn an cheist ar fhoirmiú carraigeacha meiteamorfacha go príomha.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | Carraig mheiteamorfach ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla do láithreacha Éireannacha gaolmhara | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## Ceist 3

### 3A. Teicteonaic Phlátaí




Curtha in oiriúint ó Google Earth

Scrúdaigh an íomhá thuas ina dtaispeántar teorainn phlátaí in Aigéan an Atlantaigh Thuaidh agus an aois atá ag screamh an aigéin sa limistéar sin. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na plátaí teicteonacha atá lipéadaithe **A** agus **B**.

(ii) Ainmnigh an tír, a bhfuil lipéad **C** uirthi, atá suite ar feadh Dhroim an Atlantaigh Láir.

(iii) Luaigh réimse aoise screamh an aigéin ag na suíomhanna atá lipéadaithe **D** agus **E**.

(iv) Cén cineál bruthcharraige a fhoirmítear ar feadh dromanna láraigéin?

(v) Mínigh go hachomair an fáth a bhfuil screamh an aigéin ag **E** níos ársa ná screamh an aigéin ag **D**.

(vi) Mínigh go hachomair cad a chiallaíonn an téarma *líne Moho*.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | A = Meiriceá Thuaidh | 2 mharc |
| | B = Eoráiseach | 2 mharc |
| (ii) | C = An Íoslainn | 2 mharc |
| (iii) | D = 23 - 66 | 2 mharc |
| | E = 145 - 180 | 2 mharc |
| (iv) | Basalt | 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí | 2 + 2 marc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 marc |

**3B. Síonchaitheamh**

Mínigh ról na teochta i bpróiseas/bpróisis an tsíonchaithimh fhisicigh/mheicniúil.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tagairt do theocht | 2m |
| Míniú | 14 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint don dara tagairt do theocht do 1 x PSÁ. Maidir le gach tagairt do theocht eile, tá gá le míniú.
- Tabhair creidiúint i gcomhar próisis ábhartha de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil atá ainmnithe do 2 x PSÁ ón míniú. Maidir le gach próiseas de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil eile, tá gá le míniú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar léaráid lipéadaithe do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| REF | Tagairt do theocht | 2 |
| N | Próisis de shíonchaitheamh fisiciúil/meicniúil ainmnithe | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## 3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

'Bíonn tionchar ag gníomhaíocht an duine ar phróisis dromchla.'

Scrúdaigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do cheann **amháin** díobh seo a leanas:

- Tionchar dambaí ar phróisis abhann
- Tionchar obair chosanta cósta ar phróisis chósta
- Tionchar ghníomhaíocht an duine ar ollghluaiseacht.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar an bpróiseas aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as an dara tionchar ar phróiseas aitheanta ón scrúdú.
- Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as suíomh tíreolaíochta ábhartha ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ. Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint bhreise as eolas ábhartha ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Féadfaidh an plé a bheith dearfach nó diúltach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad murar tugadh ach cur síos ar ghníomhaíocht an duine gan tagairt ar bith don tionchar ar phróisis dromchla.
- Ní gá go mbainfeadh an cheist le hÉirinn.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| I | Tionchar ar an bpróiseas aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla de shuíomh tíreolaíochta | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## ROINN 2
## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

## Ceist 4

**4A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha **d'Éirinn**.

Taispeáin agus ainmnigh gach ceann díobh seo a leanas uirthi:

- An t-imchruth de réigiún ainmnithe **amháin**
- An t-imchruth de ghné rilífe ainmnithe (talamh ard nó íseal) laistigh den réigiún sin
- Lárionad uirbeach ainmnithe **amháin** sa réigiún sin.
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún sin.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne léarscáile | 4 mharc (grádaithe 4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)<br>Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glactar le réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith, is cuma faoin méid.
- Féadtar ainmneacha a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Is féidir an imlíne léarscáile a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.
- Marcanna creidiúna as na gnéithe riachtanacha a ainmniú má tá na hainmneacha bailí agus ceart fiú mura dtaispeántar na gnéithe nó má thaispeántar go mícheart iad.
- I gcás go dtaispeántar gnéithe ach nach n-ainmnítear i gceart iad nó mura n-ainmnítear in aon chor iad, 0 marc as taispeáint agus 0 marc as ainmniú.

**4B. Dinimic Réigiún – Iompar**

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le cúrsaí iompair i bhforbairt an gheilleagair in **dhá** réigiún chontrártha ar bith san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn), a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú ar réigiún 1 | 8/7 x PSÁ |
| Scrúdú ar réigiún 2 | 7/8 x PSÁ |

- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin as tagairt a dhéanamh do cé chomh tábhachtach is atá iompar d'fhorbairt gheilleagrach. Maidir le gach tagairt eile do thábhacht an iompair, tá gá le scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin as sampla faoi leith d'iompar ón scrúdú.
- Ná glactar le réigiún Éireannach ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- 8 x PSÁ ar a mhéad mura ndéantar scrúdú ach ar réigiún amháin. Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin mura bhfuil ann ach déan cur síos ar iompar gan aon trácht ar fhorbairt gheilleagrach.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin mura bhfuil ann ach cur síos ar fhorbairt gheilleagrach gan aon tagairt d'iompar.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.  Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

| Nóta mínithe | Úsáid | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| REF | Tagairt don tábhacht a bhaineann le hiompar | 2 |
| Ex | Sampla faoi leith d'iompar | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag na nótaí mínithe le réigiún 1 / réigiún 2 | N/B |

**4C. Coincheap Réigiúin**

Scrúdaigh an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as cultúr **nó** as aeráid chun réigiúin a shainmhíniú. Bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**


| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 14 x PSÁ |

- Creidiúint 1 x PSÁ as an dara sampla ón scrúdú.
- Gach sampla sa bhreis, tá gá le scrúdú.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as tagairt do chultúr nó d'aeráid ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| Ex | Sampla | 2 |
| REF | Tagairt do chultúr nó d'aeráid | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## Ceist 5

### 5A. An Talmhaíocht san Aontas Eorpach




Scrúdaigh an bharrachairt thuas ina dtaispeántar líon an eallaigh, na muc agus na gcaorach i dtíortha roghnaithe den Aontas Eorpach in 2019 agus in 2020, agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén t-ainmhí ab airde líon sa Ghréig in 2019?

(ii) Ainmnigh **dhá thír** ón gcairt thuas a raibh níos mó ná 2 mhilliún muc iontu in 2019.

(iii) Cén tír ar an gcairt thuas a raibh níos mó ná 6 mhilliún de gach cineál beostoic inti in 2020?

(iv) An méadú nó laghdú a tháinig ar líon na muc san Ísiltír idir 2019 agus 2020?

(v) Ainmnigh polasaí **amháin** ar leith de chuid an Aontais Eorpaigh a mbíonn tionchar aige ar fhorbairt na talmhaíochta.

(vi) Mínigh go hachomair sochar **amháin** d'Éirinn a éiríonn as líon mór eallaigh bheith inti.

(vii) Mínigh go hachomair fadhb **amháin** don chomhshaol a bhaineann le líon mór beostoic.

**[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Caoirigh | 2 mharc |
| (ii) | An Iodáil/An Ungáir/An Ísiltír/An Phortaingéil | 2 + 2 mharc |
| (iii) | An Iodáil | 2 mharc |
| (iv) | Laghdú | 2 mharc |
| (v) | Polasaí bailí ainmnithe | 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

**5B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach – Réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach**

Scrúdaigh an dóigh a raibh tionchar ag **dhá** thoisc ar bith ar fhorbairt gníomhaíochta geilleagraí tánaistí i réigiún **Ilchríochach** / **Fo-Ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Tosca ainmnithe | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú ar Thoisc 1 | 7/6 x PSÁ |
| Scrúdú ar Thoisc 2 | 6/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as sampla faoi leith de ghníomhaíochtaí geilleagraí tánaistí.
- Ná glactar le réigiún Eorpach nó Éireannach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

| Nóta mínithe | Úsáid | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | Toisc ainmnithe | 2 |
| Ex | Sampla de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1/toisc 2 | N/B |

**5C. Dinimic Daonra**

Tabhair míniú ar dháileadh an daonra ar fud réigiúin **san Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

Scrúdúchán 15 x PSÁ

- Tabhair creidiúint as tosca a théann i bhfeidhm ar dháileadh an daonra do 2 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- 1 x PSÁ ón scrúdú as láthair ainmnithe laistigh den réigiún ón scrúdú.
- Ná glactar le réigiún Éireannach ná le réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar dháileadh daonra gan aon mhíniú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as sracléarscáil lipéadaithe bhailí do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh. Caithfidh gur faisnéis é seo nár bronnadh marc air cheana sa chuntas scríofa.
- Murar scrúdaíodh ach cuid de réigiún, ní féidir ach 8 x PSÁ a thabhairt (tagraíonn an cheist do ar fud réigiúin).

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | Toisc ainmnithe | 2 |
| Ex | Suíomh ainmnithe | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## Ceist 6

### 6A. An tOideachas i dTíortha san Eoraip

An Céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh Oideachas Tríú Leibhéal orthu i dTíortha Roghnaithe den AE in 2012, 2016 agus 2020

| | 2012 | 2016 | 2020 |
|---|---|---|---|
| **An meán san AE** | 34.1 | 36.8 | 40.5 |
| **An Ghearmáin** | 28.9 | 30.5 | 35.1 |
| **Éire** | 50.3 | 54.3 | 58.4 |
| **An Spáinn** | 40.4 | 41.0 | 47.4 |
| **An Fhrainc** | 42.6 | 44.2 | 49.4 |
| **An Iodáil** | 22.5 | 25.6 | 28.9 |
| **An Liotuáin** | 48.6 | 54.9 | 56.2 |
| **An Ungáir** | 30.5 | 30.4 | 30.7 |
| **An Ísiltír** | 41.4 | 45.2 | 52.3 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas ina dtaispeántar an céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu i dtíortha roghnaithe den AE i mblianta roghnaithe. Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cén céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain san Ungáir a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2016?

(ii) Cén tír ina raibh an céatadán ab ísle den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2012?

(iii) Liostaigh **dhá** thír ina raibh an céatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2020 níos airde ná an meán san AE in 2020.

(iv) An ardú **nó** laghdú a tháinig ar an gcéatadán den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu i ngach ceann de na tíortha atá liostaithe idir 2012 agus 2020?

(v) Ríomh an difríocht a bhí idir an tír ina raibh an céatadán ab airde den aoisghrúpa 25-34 bliain a raibh oideachas tríú leibhéal orthu in 2020 agus an tír ina raibh an céatadán ab ísle.

(vi) Ainmnigh institiúid tríú leibhéal **amháin** in Éirinn ina bhfaigheann mic léinn oideachas treasach.

(vii) Mínigh go hachomair sochar **amháin** do réigiún a bhaineann le líon mór daoine a bheith ann a bhfuil oideachas tríú leibhéal orthu. **[20m]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 30.4 (%) | 2 mharc |
| (ii) | An Iodáil | 2 mharc |
| (iii) | Ireland/Spain/France/Lithuania/Netherlands | 2 + 2 mharc |

| | | |
|---|---|---|
| (iv) | Ardú | 2 mharc |
| (v) | 29.5 | 4 mharc |
| (vi) | Institiúid tríú leibhéal ainmnithe | 2 mharc |
| (vii) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

## 6B. An Talmhaíocht in Éirinn

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air, agus bíodh tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Rilíf
- Aeráid
- Margaí.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cuntas ar Thoisc 1 | 8/7 x PSÁ |
| Cuntas ar Thoisc 2 | 7/8 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de thalmhaíocht ainmnithe ón bplé .
- Ná glactar le réigiún Eorpach ná réigiún Ilchríochach / Fo-Ilchríochach.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún Éireannach ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar fhorbairt.
- 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na talmhaíochta.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| Ex | Cineálacha talmhaíochta ainmnithe | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| P1 / P2 | Baint ag nótaí mínithe le toisc 1/ toisc 2 | N/B |

## 6C. Réigiúin Shocheacnamaíocha

Scrúdaigh na cúiseanna **agus** na hiarmhairtí a bhaineann le meath na tionsclaíochta agus tú ag tagairt do réigiún/réigiúin a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Cúis aitheanta | 2 mharc |
| Tionchar aitheanta | 2 mharc |
| Scrúdúchán | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Gach chúis sa bhreis tá gá le scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an 2ú tionchar aitheanta do 1 x PSÁ ón scrúdú. Tá scrúdú le déanamh ar an uile thionchar sa bhreis orthu sin.
- Tabhair creidiúint 1 x PSÁ as sampla de thionscal ag dul i léig.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do mheath tionclaíochta, 0 marc.
- 7 x PSÁ ar a mhéad murar scrúdaíodh ach cúiseanna amháin nó iarmhairtí amháin.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha sa bhreis ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | Cúis aitheanta | 2 |
| I | Tionchar aitheanta | 2 |
| Ex | Sampla de thionscal ag dul i léig | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |

## ROINN 3

## TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceisteanna 7, 8 agus 9)**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus <12)**

Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.

Ar an tsracléarscáil, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cúrsa iomlán bhóthar an N24
- Cúrsa iomlán an iarnróid
- Oifig phoist
- Carrchlós.

**[20m]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na Sracléarscáile | 4 mharc (4/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1m |

- Caithfear imlíne sracléarscáile a tharraingt go dtí leathscála den limistéar a leagtar síos. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le 0.5cm].
- Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil. Ní ghlactar le himeall an leathanaigh a úsáid. Caill 4 mharc as imlíne na sracléarscáile.
- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an léiriú. Ná ceadaigh ach marcanna lipéadaithe.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad na léarscáile de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is féidir lipéad a chur ar na gnéithe ar an tsracléarscáil nó in eochair. Mura bhfuil siad lipéadaithe, 0 marc as taispeáint.
- Ní mór gur triaileadh gné a thaispeáint ionas go mbronnfar marcanna as lipéadú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin, 0 marc as lipéadú. Má bhíonn an ghné aimsithe san áit chontráilte, ach í lipéadaithe i gceart, féadfar marcanna i gcomhair lipéadú a bhronnadh toisc gur triaileadh gné a aimsiú.
- Taispeánta, bronntar marcanna 3/1/0. Cruinneas réasúnta (suíomh agus coibhneas) do mharcanna iomlána as taispeáint.
  - Is féidir an sceitse a tharraingt ar an bhfreagarleabhar nó ar ghrafpháipéar.

## 7B. Cuideachta Ilnáisiúnta

Agus tú ag tagairt do chuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:

- Foinsiú amhábhar agus comhpháirteanna
- Suíomh na n-aonad próiseála
- Suíomh na margaí.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| MNC ainmnithe | 2 mharc |
| Cur síos agus míniú 1 | 7 x PSÁ |
| Cur síos agus míniú 2 | 7 x PSÁ |

- ➢ Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an cheannteidil as sampla sonrach ón gcur síos/míniú.
- ➢ Féadfaidh léaráid lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón déan cur síos/míniú agus má tá faisnéis ábhartha sa bhreis ar an léaráid, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- ➢ Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe: 0 marc.
- ➢ 4 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt don mhíniú.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | MNC ainmnithe | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| Ex | Sampla | 2 |
| Dg | Léaráid bhailí | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |
| P1 / P2 | Baineann sé le scrúdú ar thoisc/cheannteideal 1 nó ar thoisc/cheannteideal 2 | N/B |

**7C. Forbairt Inbhuanaithe**

Scrúdaigh an dóigh ar féidir gníomhaíochtaí eacnamaíochta a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe d'fhonn a dtioncha>r ar an gcomhshaol a rialú.

**[30m]**

Scrúdúchán 15 x PSÁ

- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ as dhá shampla de ghníomhaíochtaí geilleagracha aitheanta ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as tagairt don tionchar timpeallachta a rialú ón scrúdú.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar ghníomhaíochtaí geilleagracha a fhorbairt ach gan aon tagairt don tionchar timpeallachta.
- 2 x PSÁ ar a mhéad má dhéantar plé ar thionchar timpeallachta gan aon tagairt d'fhorbairt inbhuanaithe de ghníomhaíochtaí geilleagracha.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| Ex | Samplaí de ghníomhaíochtaí geilleagracha aitheanta | 2 |
| REF | Tagairt do thionchar timpeallachta a rialú | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |

## Ceist 8

### 8A. Trádáil na hÉireann

Na Comhpháirtithe Easpórtála is mó ag Éirinn in 2020

| Comhpháirtí Easpórtála | Luach Easpórtálacha san Iomlán (€billiún) |
|---|---|
| SAM | 51 |
| An Bheilg | 18 |
| An Ghearmáin | 18 |
| An Ríocht Aontaithe | 15 |
| An tSín | 10 |
| An Ísiltír | 9 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh na sonraí thuas ina dtaispeántar na comhpháirtithe easpórtála is mó a bhí ag Éirinn in 2020 agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**[16m]**

| | Barrachairt | Píchairt |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 marc (Ciorcal agus Láraithe) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf/chairt oiriúnach
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc ghrádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| # | Ní úsáidtear grafpháipéar | - 2 |

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *comhardú na n-íocaíochtaí*. **[4m]**

Míniú bailí 2 + 2 mharc

**8B. Domhandú**

Scrúdaigh an dóigh a dtéann an domhandú i gcion ar gheilleagar **amháin** i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

| | |
|---|---|
| Geilleagar i mBéal Forbartha Ainmnithe | 2 mharc |
| Iarmhairtí aitheanta | 2 + 2 mharc |
| Míniú | 12 x PSÁ |

- 2 x PSÁ ar a mhéad as míniú gan aon tagairt do dhomhandú
- 2 x PSÁ ar a mhéad as míníu gan aon tagairt do thír i mbéal forbartha ainmnithe
- Glactar le dea-iarmhairtí agus le drochiarmhairtí de dhomhandú

| **Nóta mínithe** | **Úsáid** | Comhiomlán na gceisteanna dícheadaithe |
|---|---|---|
| N | Tír i mbéal forbartha ainmnithe | 2 |
| I | Iarmhairtí aitheanta | 2 |
| ✓2 | Faisnéis bhailí dar luach 2 mharc | 2 |
| ✓ | Farasbarr faisnéise | N/B |

**8C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach**

Agus tú ag úsáid fianaise ón léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis de Chluain Meala a ghabhann leis an bpáipéar seo, pléigh an acmhainneacht le haghaidh fhorbairt na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil. Bíodh tagairt agat do **gach ceann** díobh seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Seirbhísí (seachas iompar)
- Nithe is díol spéise.

**[30m]**

Trí cheannteideal @ 10 marc an ceann
I gcomhair gach ceann de na **trí** cheannteideal:

| | |
|---|---|
| Sampla ainmnithe | 2 mharc |
| Fianaise léarscáile | 2 mharc |
| Plé | 3 x PSÁ |

